VACSAÍN COVID-19
Comhairle Sláinte Poiblí

Tar éis duit an Vacsaín in aghaidh COVID-19 darb ainm Vaxzevria (AstraZeneca) a fháil

Go raibh maith agat as an vacsaín a fháil le tú féin agus daoine eile a chosaint. Anois go bhfuil an vacsaín faighte agat, iarraimid ort an doiciméad seo a léamh go cúramach le go mbeidh a fhios agat cén chaoi a mbeidh tú ag aireachtáil as seo go ceann cúpla lá agus cá háit ar féidir leat teacht ar a thuilleadh eolais.

Iarrtar ort an bhileog eolais a thugamar duit maidir leis an vacsaín in aghaidh COVID-19 a léamh freisin.

Ar deireadh, táimid le taifead ar do vacsaíniú inniu a thabhairt duit chomh maith.
Iarrtar ort an cárta taifid vacsaínithe sin a choinneáil in áit shábháilte.

Céard a d'fhéadfadh tarlú as seo go ceann cúpla lá?

Cuid de na daoine a fuair an vacsaín chéanna agus a fuair tú inniu:

- bhí frithireacht, at, baill ghorma, pian, baill dhearga agus/nó tochas sa ghéag láimhe ar ar tugadh an t-instealladh vacsaíne dóibh
- bhí tuirse orthu
- bhí tinneas cinn orthu
- bhí pian sna matáin nó sna hailt orthu
- bhí samhnas, buinneach nó urlacan orthu
- bhí fiabhras orthu (teocht 38 céim Celsius nó os a chionn).

I gcásanna an-annamh chonacthas téachtáin fola neamhghnácha agus líon íseal pláitíní san fhuil sa chéad chúpla seachtain tar éis an vacsaínithe. Cabhraíonn pláitíní leis an bhfuil téachtadh. Ba cheart duit cabhair leighis a fháil gan a thuilleadh moille agus a lua leis an ngairmí sláinte go bhfuair tú an vacsaín le déanaí má thagann aon cheann de na siomptóim seo ort:

- giorra anála
- pian sa chliabhrach nó sa bholg
- at nó fuacht i gcos
- tinneas cinn atá trom nó ag dul in olcas (go háirithe 3 lá nó níos mó tar éis an vacsaín a fháil)
- radharc doiléir, mearbhall nó taomanna
- fuiliú gan stad faoin gcraiceann nuair nach raibh aon ghortú ann roimhe sin
- roinnt mhaith baill ghorma bheaga, spotaí dearga nó corcra, nó spuaiceanna fola faoi bhun an chraicinn.

Tá líon an-íseal cásanna den siondróm sceite ribeadán feicthe sa chéad cúpla lá tar éis an vacsaín a fháil. Ba cheart duit cabhair leighis a fháil gan a thuilleadh moille agus a lua leis an ngairmí sláinte go bhfuair tú an vacsaín le déanaí má thagann at tapa ar do ghéaga (lámha agus cosa) nó má chuireann tú suas meáchan go tobann. D'fhéadfá mothú lag chomh maith de dheasca brú íseal fola.

I líon an-íseal cásanna, tháinig Siondróm Guillain-Barré ar dhaoine tar éis dóibh an vacsaín seo a fháil.

Faigh cóir leighis ar bhonn práinne

- má bhíonn amharc dúbailte ort nó má bhíonn sé deacair ort do shúile a bhogadh.
- má bhíonn sé deacair ort slogadh, labhairt nó cogaint.
- má bhíonn fadhbanna comhordaithe ort, má bhíonn tú míshocair ar do chosa nó má bhíonn sé deacair ort siúl.
- má mhothaíonn tú laige i do lámha, do chosa, do chliabhrach nó d'aghaidh.
- má mhothaíonn tú griofadach i do lámha nó do chosa.
- má bhíonn fadhbanna agat le rialú do lamhnáin nó le feidhmiú do phutóige.

Mar is amhlaidh i gcás gach vacsaíne, is féidir leat fo-iarmhairtí amhrasta a thuairisciú don Údarás Rialála Táirgí Sláinte. Le fo-iarmhairtí aon cheann de na vacsaíní in aghaidh COVID-19 a thuairisciú, téigh chuig **www.hpra.ie/report**

Céard ba cheart dom a dhéanamh má bhíonn fiabhras nó tinneas agus pianta orm?

Má bhíonn fiabhras nó tinneas agus pianta ort mar a bheadh fliú, is féidir leat paraicéiteamól nó iobúpróifein a thógáil le hiad a mhaolú. Mar sin féin, faigh comhairle leighis má mhaireann d'fhiabhras níos mó ná 48 uair an chloig nó má bhíonn imní fós ort. Ná tóg iobúpróifein má tá tú ag iompar clainne.

An gá dom aon rud a dhéanamh sula bhfaighidh mé an dara dáileog den vacsaín?

Nuair a bheidh an chéad dáileog eile (i.e. an dáileog deiridh) den vacsaín á fáil agat, inis don fhoireann vacsaínithe má tá aon athrú tagtha ar do stair leighis idir an dá linn.

Tabhair leat do chárta taifid vacsaínithe nuair a rachaidh tú leis an dara dáileog a fháil.

Tar éis an vacsaínithe

Ba cheart go gcosnódh an vacsaín thú in aghaidh na ndeacrachtaí tromchúiseacha a bhaineann le COVID-19. Is fearr a bheidh an chosaint 15 lá tar éis duit an dara dáileog a fháil. Gheobhaidh tú an dara dáileog idir 4 seachtaine agus 12 sheachtain tar éis na chéad dáileoige.

Tá seans fós ann go dtolgfaidh tú COVID-19 fiú tar éis an vacsaín a fháil.

Ní fios go fóill an féidir le daoine vacsaínithe an víreas a scaipeadh ar dhaoine eile, mar sin ní mór duit leanúint ort ag cloí leis an gcomhairle sláinte poiblí:

- cloí leis na treoirlínte maidir le scaradh sóisialta (fan dhá mhéadar amach ó dhaoine eile nuair is féidir)
- cumhdach aghaidhe a chur ort
- do lámha a ní go rialta.

An bhfuil ceist agat?

Mura bhfuil tú cinnte faoi rud ar bith, nó má tá aon cheist agat faoin vacsaín in aghaidh COVID-19, cuir ceist ar an duine atá ag tabhairt na vacsaíne duit inniu.

Téigh chuig **www.hse.ie/covid19vaccine** le tuilleadh eolais a chur ar an vacsaín in aghaidh COVID-19.

Fo-iarmhairtí

Iarrtar ort aon fho-iarmhairtí a thuairisciú don Údarás Rialála Táirgí Sláinte ag **www.hpra.ie/report**.

Arna fhoilsiú ag FSS an 28 Iúil 2021
Leagan 9

Bíonn an fhaisnéis is déanaí le fáil ar **www.hse.ie**

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland